**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2502 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19 Nollaig 2022**

**lena gceartaítear an leagan Fraincise de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 31 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Fraincise de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([2]) tá earráidí i bhfochuid D, roinn 2, pointe CAT.IDE.H.320, pointe b), na focail tosaigh, d'Iarscríbhinn IV (cuid CAT); fochuid K, pointe SPA.HOFO.110, pointe b), pointe 9), d'Iarscríbhinn V (cuid SPA); fochuid D, roinn 2, pointe NCC.IDE.H.235, d'Iarscríbhinn VI (cuid NCC); fochuid D, pointe NCO.IDE.H.185, pointe c), d'Iarscríbhinn VII (cuid NCO); fochuid D, roinn 2, pointe SPO.IDE. H.203, pointe c), d'Iarscríbhinn VIII (cuid SPO) lena n-athraítear brí na bhforálacha.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, an leagan Fraincise de Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le rialacha sábháilteachta comhchoiteanna a chur i bhfeidhm i réimse na heitlíochta sibhialta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN